

## Imeachtaí Idirscoile Deontais ar fáil!

Cuireann GAELSCOILEANNA TEO deontas d'imeachtaí idirscoile ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Sciob an deis agus líon amach an fhoirm iarratais ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) gan mhoill!

Tugann an scéim deis do scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le scoileanna eile agus cuireann GAELSCOILEANNA TEO. uasmhéid de:

- €250 / £225 ar fáil d'imeacht le 2 scoil rannpháirteach ann
- €500 / £450 d'imeacht le 3 scoil nó níos mó rannpháirteach ann agus
- €750 / £675 más 4 scoil nó níos mó atá le bheith rannpháirteach.

Déantar na h-íocaíochtaí de réir admhála. Cuirtear fáilte roimh réimse leathan imeachtaí agus roimh iarratais ó:

- Naíonraí /naíscoileanna agus bunscoileanna
- Bunscoileanna amháin
- Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna
- Iar-bhunscoileanna amháin

Tá an scéim deontais seo á maoiniú ag Foras na Gaeilge.

Tugann na himeachtaí idirscoile seo deis thábhachtach do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nasc a chruthú le scoileanna eile. Ó thráth na gceist go cluichí peile, spreagann na himeachtaí ilghnéitheacha seo cumarsáid agus spraoi trí mheán na Gaeilge, rud a théann chun leasa na scoile, chun leasa na ndaltaí agus chun leasa an scoilphobail. Tá liosta comhlachtaí a chabhraigh le scoileanna laethanta spráíúla a reáchtáil ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) chomh maith le grianghraif agus tuairiscí ó na scoileanna – seans go mbeidh spreagadh ann dod' scoil féin.

Tá gach eolas mar gheall ar an scéim seo ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig [oifig@gaelscoileanna.ie](mailto:oifig@gaelscoileanna.ie) nó glaoch a chur ar 01 8535193.

